Archdiocese of Tuam
Archbishop's House, Tuam, Co. Galway, H54 HP57
093 24166 email: admin@tuamarchdiocese.org www.tuamarchdiocese.org

# Ard-Deoise Thuama

**Bealach nua le bheith mar Eaglais in Éirinn a shamhlú**

Céard a theastaíonn ó Dhia ón Eaglais in Éirinn faoi láthair? Sin an phríomhcheist atá á cur orainn sa deoise seo agus sa tír seo agus muid ag déanamh ár mbealach ar an gcosán sionaid.

Dhá bhliain ó shin thug go leor dár bparóistí, agus roinnt pobal eile creidimh, faoi phróiseas sionaid na héisteachta. Chuir torthaí an phróisis sin le tuarascáil na hÉireann chuig an Sionad Idirnáisiúnta a reáchtáladh an Deireadh Fómhair seo caite (2023) sa Róimh. Reáchtálfar an dara cruinniú den Sionad, cruinniú leanúnach, an Deireadh Fómhair seo (2024) sa Róimh. Ag eascairt as an éisteacht, an tuiscint agus an plé go dáta, tá ceist thábhachtach amháin tagtha chun cinn. Tugaim cuireadh duit machnamh a dhéanamh ar an gceist, guí fúithi agus í a phlé agus teacht ar ais agam le do smaointe.

Is í an cheist ná:

**"Cén chaoi ar féidir linn saol Eaglais na hÉireann a shamhlú ina mbíonn daoine freagrach le chéile as misean na hEaglaise ar bhealaí difriúla?"**

Tá sé luachmhar é seo a bhriseadh síos beagán.

I dtosach, tá roinnt bheag comhthéacs tábhachtach.

Creidim gur am spleodrach é le bheith i do Chaitliceach in Éirinn, Éire atá ag athrú.

Tá fáilte i bhfad níos mó ann anois do dhaoine a bhíodh ar imill na heaglaise agus na sochaí. Tá go leor leor daoine againn freisin atá tagtha as tíortha agus cultúir eile le cónaí anseo agus saibhríonn siad ár saolta.

Tá toilteanas mór ann fós i measc ár ndaoine chun tacú go flaithiúil le heagraíochtaí cosúil le Trócaire ina iarrachtaí chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha agus chun cabhrú in áiteanna ina mbíonn tubaistí gan choinne. Tá muid in ann breathnú níos faide ná ár gcladaí féin agus cabhrú le daoine a bhfuil cúnamh uathu agus iad a spreagadh.

Glacann muid go héasca leis na cúinsí ina gcleachtann muid ár gcreideamh agus tá muid ag athrú go tapa ar an leibhéal áitiúil. Ar lámh amháin, ag tarraingt orthu siúd atá tiomanta don chreideamh agus a chleachtann é, tá go leor daoine páirteach i ngrúpaí adhartha, grúpaí guí, sochaithe aspalda agus eagraíochtaí óige, a chuireann go dearfach le saol na hEaglaise agus spreagtha ag grá an Tiarna. Ar an lámh eile, tá líon níos lú agus níos lú sagart, tá gairmeacha sna cuallachtaí reiligiúnacha tite freisin, agus tá meath mór ag teacht ar an líon daoine a fhreastalaíonn ar Aifreann an Domhnaigh, go háirithe i measc na nglúnta níos óige.

Ach, inár bparóistí tá fonn ar dhaoine níos mó freagracht a ghlacadh as tionscnaimh pharóiste. Tá fonn ar roinnt daoine bheith páirteach ar bhealach níos lárnaí i gceannaireacht thréadach agus tá siad sásta tacaíocht agus oiliúint a fháil.

Cé go bhfuil an saol ag athrú, ná déanaimis dearmad ar an rud a bhíonn ann i gcónaí, an bunús atá againn mar Eaglais, mar phobal creidimh deoise. Mar chreidmhigh, gairtear orainn a fhógairt gur céasadh agus gur aiséirigh Íosa. Céasadh é as grá dúinn, tógadh ó na mairbh é as grá dúinn – Grá dothuigthe agus gan chríoch Dé dúinn. Is gá go bhfanfadh ár gcreideamh sa duine agus i misean Íosa Críost lárnach inár machnamh, pleanáil agus struchtúir, mar gan Íosa agus gan a Shoiscéal – an nuacht radacach agus nua seo, níl muid ach ag féachaint ar athrú ar mhaithe le hathrú a dhéanamh.

Mar sin, go simplí, *"cén chaoi ar féidir linne, lucht tacaíochta dílis na Críostaíochta – tuataí, reiligiúnach agus an chléir a bheith freagrach le chéile – i.e. pleanáil, oibriú agus comhoibriú le chéile, ag tacú lena chéile inár ngairmeacha cothroma ach difriúla a thug Dia dúinn, chun an dea-scéal sin faoi Íosa a scaipeadh agus a choinneáil os comhair an tsaoil?"*

Cén chaoi ar féidir leat é sin a dhéanamh, nó leanúint á dhéanamh in bhur bparóistí, sa saol seo atá ag athrú? Is é an misean atá againn Dea-Scéal Íosa Críost a scaipeadh agus a chleachtadh. Cén chaoi ar féidir linn é a dhéanamh ar bhealach níos fearr agus é a dhéanamh le súil ar phríomhtheachtaireacht Chríost a chur in iúl a mhéid is féidir?

Smaoinigh air. Cén chaoi a bhfuil sé sin á dhéanamh i do pharóiste anois díreach? Cén chaoi a bhféadfaí é a fheabhsú? An gá dó a bheith difriúil, mar gheall ar luas an athraithe mórthimpeall orainn? Cén moltaí atá agat?

Cruinniú ar leibhéal na comhairle tréadach paróiste. Cruinniú ar leibhéal na comhairle tréadach déanachta. Cruinnithe idir daoine atá páirteach cheana féin mar léitheoirí, ministir Comaoineach, coistí airgeadais, grúpaí óige. Tá fáilte roimh aon ghrúpa gur spéis leo bualadh le chéile agus plé agus smaoineamh domhain a dhéanamh ar an bpríomhcheist.

Seol do fhreagraí chugam trí ríomhphost, roimh an 15 Márta, ag admin@tuamarchdiocese.org agus cuirfidh ár gcoiste sionaid ár dtuarascáil na deoise i dtoll a chéile. Beidh sé seo mar chuid dár n-ionchur náisiúnta i Sionad 2024 Deireadh Fómhair seo chugainn.

Go raibh maith agat.

Le gach dea-mhéin agus beannacht,

+ Proinsias Ó Dufaigh
**Ardeaspag Thuama**

9 Feabhra 2024